Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Feabhra 2023**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0004(NLE)**

**5761/23**
**ADD 1**

**COEST 76**
**ECOFIN 75**
**JAI 96**
**COPEN 23**
**MI 71**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó COMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN ÚCRÁIN a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn XLIV a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a leasú |

DRÉACHT

**CINNEADH Uimh. .../2023 Ó COMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN ÚCRÁIN**

**an ...**

**a mhéid a bhaineann le hIarscríbhinn XLIV a ghabhann leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, a leasú**

TÁ COMHAIRLE COMHLACHAIS AE-AN ÚCRÁIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile, agus go háirithe Airteagal 463 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Úcráin, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú') i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2017.

(2) Aithnítear sa Bhrollach a ghabhann leis an gComhaontú gur mian leis na Páirtithe an próiseas athchóirithe agus comhfhogasaithe a chur chun cinn san Úcráin, rud a rannchuideoidh leis an gcomhtháthú eacnamaíoch agus le doimhniú an chomhlachais pholaitiúil de réir a chéile, chomh maith le comhtháthú eacnamaíoch a bhaint amach trí chomhfhogasú forleathan rialála.

(3) In Airteagal 1(2), pointe (d), den Chomhaontú, déantar tagairt don chuspóir tacú le hiarrachtaí na hÚcráine an t aistriú go geilleagar margaidh feidhmiúil a thabhairt i gcrích trí bhíthin, *inter alia*, a reachtaíocht a chomhfhogasú go forchéimnitheach do reachtaíocht an Aontais.

(4) De bhun Airteagal 459(1) den Chomhaontú, cuirfidh na Páirtithe cúnamh chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus rachaidh siad i gcomhar le chéile chun leasanna airgeadais an Aontais agus na hÚcráine a chosaint mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XLIII a ghabhann leis an gComhaontú. Déanfaidh na Páirtithe bearta éifeachtacha chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a chosc agus a chomhrac, *inter alia*, trí bhíthin cúnamh riaracháin frithpháirteach agus cúnamh dlíthiúil frithpháirteach sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo.

---

[1] IO AE L 161, 29.5.2014, lch. 3.

(5) De bhun Airteagal 459(2) den Chomhaontú, déanfaidh an Úcráin a reachtaíocht a chomhfhogasú de réir a chéile i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XLIV a ghabhann leis an gComhaontú.

(6) Déantar foráil in Airteagal 474 den Chomhaontú maidir le gealltanas ginearálta na hÚcráine a reachtaíocht a chomhfhogasú de réir a chéile do dhlí an Aontais, bunaithe ar ghealltanais a shainaithnítear, *inter alia*, i dTeideal VI den Chomhaontú. Áirítear leis na gealltanais a bhaineann le reachtaíocht na hÚcráine a chomhfhogasú de réir a chéile do dhlí an Aontais a shainaithnítear i dTeideal VI den Chomhaontú leasanna airgeadais an Aontais agus na hÚcráine a chosaint i gcomhthéacs an chúnaimh airgeadais a sholáthraítear trí shásraí cistiúcháin ábhartha agus trí ionstraim ábhartha an Aontais chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a bhaint amach, agus riachtanais agus acmhainneachtaí earnála na hÚcráine, chomh maith lena dul chun cinn maidir le hathchóirithe, á gcur san áireamh.

(7) De bhun Airteagal 463(1) agus (3) den Chomhaontú, tugtar de chumhacht don Chomhairle Comhlachais cinntí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach. Go sonrach, féadfaidh sí na hIarscríbhinní a ghabhann leis an gComhaontú a nuashonrú nó a leasú, agus forbairt dhlí an Aontais á cur san áireamh, mar aon leis na caighdeáin is infheidhme a leagtar amach in ionstraimí idirnáisiúnta a mheasann na Páirtithe a bheith ábhartha.

(8) Ó tugadh an chaibidlíocht le haghaidh an Chomhaontaithe i gcrích, cuireadh Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] in ionad dhlí an Aontais maidir le cosaint leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh, a ndearnadh forálacha de a chuimsiú in Iarscríbhinn XLIV a ghabhann leis an gComhaontú, agus dá bhrí sin tá athrú tagtha freisin ar ghealltanais na hÚcráine atá beartaithe le cur chun feidhme an Chomhaontaithe. Tá gá leis na leasuithe sin ar dhlí an Aontais a léiriú in Iarscríbhinn XLIV a ghabhann leis an gComhaontú, agus dá bhrí sin, tá gá leis an Iarscríbhinn sin a leasú.

(9) Dá bhrí sin, tá an Chomhairle Comhlachais le hIarscríbhinn XLIV a ghabhann leis an gComhaontú a leasú agus an spriocdháta le haghaidh cur chun feidhme na bhforálacha dá dtagraítear san Iarscríbhinn sin a choigeartú chun na leasuithe nua ar dhlí an Aontais a chur san áireamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO AE L 198, 28.7.2017, lch. 29).

*Airteagal 1*

Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn XLIV a ghabhann leis an gComhaontú.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle Comhlachais*
*An Cathaoirleach*

# IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN XLIV A GHABHANN LE TEIDEAL VI
COMHAR AIRGEADAIS, AGUS FORÁLACHA FRITHCHALAOISE

Geallann an Úcráin a reachtaíocht a chomhfhogasú de réir a chéile don reachtaíocht seo a leanas de chuid an Aontais laistigh de na tráthchláir atá leagtha síos:

Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil[1]:

– Airteagal 3 – Calaois lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais;

– Airteagal 4 – Cionta coiriúla eile a bhaineann le calaois lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais;

– Airteagal 6 – Dliteanas daoine dlítheanacha;

– Airteagal 7 – Smachtbhannaí maidir le daoine nádúrtha;

– Airteagal 9 – Smachtbhannaí i dtaca le daoine dlítheanacha;

– Airteagal 12 –Tréimhsí teorann a bhaineann le cionta coiriúla lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais.

Tráthchlár: cuirfear na forálacha seo chun feidhme faoin 31 Nollaig 2023.'.

---

1 IO AE L 198, 28.7.2017, lch. 29.